S73T

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

SCRÚDÚ AN TEASTAIS SHÓISEARAIGH, 2006

# OIDEACHAS REILIGIÚNACH – GNÁTHLEIBHÉAL

Líon Iomlán Marcanna: 400

DÉARDAOIN, 15 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA, 2.00 go 4.00

## *Treoracha Ginearálta d'Iarrthóirí*

1. Scríobh do SCRÚDUIMHIR sa bhosca seo: 
2. SCRÍOBH NA FREAGRAÍ UILE SA FHREAGARLEABHAR SEO.
3. NÍ MÓR DUIT NA 4 ROINN AR AN bPÁIPÉAR SEO A FHREAGAIRT.

***Don Fheitheoir amháin***

*Stampa an Ionaid*

***Don Scrúdaitheoir amháin***

| Ceist | Marc |
|---|---|
| ROINN 1 | |
| ROINN 2 | |
| ROINN 3 | |
| ROINN 4 Ceist 1 | |
| ROINN 4 Ceist 2 | |
| ROINN 4 Ceist 3 | |
| ROINN 4 Ceist 4 | |
| ROINN 4 Ceist 5 | |
| ROINN 4 Ceist 6 | |
| Marc don Pháipéar | |
| Bónas ar fhreagairt trí Ghaeilge | |
| Iomlán | |
| Marc don Dialann | |
| Móriomlán | |
| Grád | |

| | |
|---|---|
| 1. Móriomlán na n-iomlán bun leathanaigh | |
| 2. Comhiomlán na gceisteanna uile a dícheadaíodh | |
| 3. Marc iomlán bronnta (1 lúide 2) | |
| Nóta: Bíodh an marc i sraith 3 thuas cothrom leis an marc sa bhosca "Marc don Pháipéar " thall. | |

## ROINN 1

(80 marc)

**BA CHÓIR DUIT TUAIRIM IS 20 NÓIMÉAD A CHAITHEAMH AG FREAGAIRT CEISTEANNA SA ROINN SEO.**

NÍ MÓR DUIT **DEICH** gCINN DEN FICHE CEIST SEO A FHREAGAIRT.

SNA CEISTEANNA INA n-IARRTAR ORT TIC ✓ A CHUR SA BHOSCA CUÍ, NÁ CUIR TIC ACH I mBOSCA **AMHÁIN**.

**(Tá 8 marc ar gach ceist)**

**1.** Ciallaíonn íobairt go dtugann tú suas rud éigin atá luachmhar duit. (Cuir tic ✓ san bhosca cuí)

Fíor ☐ Bréagach ☐

**2.** I dtraidisiúin reiligiúnacha ciallaíonn maoirseacht ______________________________

______________________________

**3.** Léigh liosta na n-áiteanna de thábhacht reiligiúnach agus liosta na reiligiún domhanda anseo thíos. Tá áit amháin meaitseáilte duit leis an reiligiún is mó a mbaineann sé leis, mar shampla duit. Déan meaitseáil **amháin** eile.

| Áiteanna de Thábhacht Reiligiúnach | Reiligiúin |
|---|---|
| Abhainn na Gainséise<br>Iarúsailéim<br>Kusinara<br>Mecca / Makkah<br>Nazarat | An Búdachas<br>An Chríostaíocht<br>An Giúdachas<br>An Hiondúchas<br>An tIoslamachas |

**Sampla:**

| Nazarat | An Chríostaíocht |
|---|---|

**Freagra:**

| | |
|---|---|
| | |

**4.** Tugann na soiscéil fianaise ar shaol Íosa. (Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

Fíor ☐ Bréagach ☐

**5.** Is áit adhartha é mosc, a bhaineann le traidisiún an Bhúdachais. (Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

Fíor ☐ Bréagach ☐

**6.** Sna traidisiúin reiligiúnacha ciallaíonn foilsiú ______________________________

______________________________

**7.** Ag teacht ar chinneadh dó, ní chuireann duine atá aibí go morálta, daoine eile san áireamh. (Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

Fíor ☐ Bréagach ☐

**8.** Is áit adhartha í sionagóg ach cé acu ceann de na reiligiúin dhomhanda seo a leanas a mbaineann sí leis? (Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

An Búdachas ☐ An Giúdachas ☐ An Hiondúchas ☐ An tIoslamachas ☐

**9.** Is é atá i gceist le comhchaint idirchreidmheach ná tuairimí a roinnt idir ________________________

________________________________________________________________________________

**10.** An chiall atá le caitheamh go hómósach le duine ná ________________________________________

________________________________________________________________________________

**11.** Sna traidisiúin reiligiúnacha ciallaíonn athmhuintearas ____________________________________

________________________________________________________________________________

**12.** Is é atá i bpaidir achainí ná guí nó iarratas ar Dhia. (Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

Fíor ☐ Bréagach ☐

**13.** Is é atá sa seicteachas ná fuath do dhuine eile de bharr _____________________________________

**14.** Ciallaíonn creideamh _______________________________________________________________

________________________________________________________________________________

**15.** Is tréith a bhaineann le phobail é an comhoibriú.
Ainmnigh tréith eile a bhíonn ag pobail ____________________________________________________

**16.** Is saghas paidre ar a nglaoitear machnamh é gach smaoineamh a ghlanadh ón aigne chun aithne iomlán a bheith ag duine ar Dhia. (Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

Fíor ☐ Bréagach ☐

**17.** In Éirinn, is áit thábhachtach reiligiúnach é Cruach Phádraig. Ainmnigh áit thábhachtach reiligiúnach eile in Éirinn. _______________________________________________________________________

**18.** Is é atá san ildiachas ná creideamh in ________________________________________________

**19.** Sna traidisiúin reiligiúnacha is é atá i siosma ná easaontas nó scoilt idir dhaoine den chreideamh céanna. (Cuir tic ✓ sa bhosca cuí)

Fíor ☐ Bréagach ☐

**20.** Parabal amháin a theagasc Íosa ná *Filleadh Abhaile an Mhic Chaillte (An Mac Drabhlásach*).
Ainmnigh parabal eile a theagasc Íosa ______________________________________________

## ROINN 2


(60 marc)

**BA CHÓIR DUIT THART AR 20 NÓIMÉAD A CHAITHEAMH AG FREAGAIRT CEISTEANNA SA ROINN SEO.**

ROGHNAIGH **TRÍ** CINN DE NA GRIANGHRAIF SEO A LEANAS AGUS FREAGAIR NA CEISTEANNA ATÁ LE GACH CEANN DÍOBH.

**(Tá 20 marc ar gach ceist)**

**Ceist 1. Seo grianghraf de thionól éacúiméineach.**



*Focolare*

**A.** Roghnaigh rud **amháin** ón ngrianghraf seo a thaispeánann gur tionól éacúiméineach é seo.

(4 mharc)

**B.** Cad is éacúiméineachas ann?

(8 marc)

**C.** Tabhair sampla **amháin** eile den éacúiméineachas.

(8 marc)

**Ceist 2. Tá an líníocht seo bunaithe ar mhíorúilt Íosa agus é ag ardú Lazaras ó mhairbh.**



*Arna oiriúint ó Octopus Books Ltd.*

**A.** Roghnaigh rud **amháin** ón líníocht a thaispeánann conas mar a chuaigh míorúiltí Íosa i bhfeidhm ar dhaoine.

(4 mharc)


**B.** Ainmnigh míorúilt **amháin** eile a rinne Íosa.

(8 marc)

**C.** Luaigh rud **amháin** faoi ríocht Dé atá le feiceáil i míorúilt a rinne Íosa.

(8 marc)

**Ceist 3. Taispeánann an líníocht seo cód morálta.**




*Arna oiriúint ó Softkey Multimedia Inc.*

**A.** Mínigh cén fáth ar sampla é seo de chód morálta.

(4 mharc)

**B.** Ainmnigh cód morálta reiligiúnach **amháin**.

(8 marc)

**C.** Cén fáth a mbíonn cód morálta tábhachtach i bpobal creidimh. Tabhair cúis **amháin**.

(8 marc)

**Ceist 4. Taispeánann an grianghraf seo duine óg agus páirt á glacadh aige i searmanas Snáithe Naofa.**



*www.swaminarayan.org*

**A.** Roghnaigh rud **amháin** ón ngrianghraf seo a thaispeánann gur creideamh reiligiúnach atá á cheiliúradh sa searmanas seo.

(4 mharc)

**B.** Déan cur síos ar shearmanas **amháin** eile a dhéanann ceiliúradh ar chéim i bhfás an chreidimh reiligiúnaigh.

(8 marc)

**C.** Slí amháin chun creideamh reiligiúnach a chur in iúl ná páirt a ghlacadh i searmanas reiligiúnach. Ainmnigh slí **amháin** eile chun creideamh reiligiúnach a chur in iúl.

(8 marc)

## ROINN 3

(60 marc)

**BA CHÓIR DUIT TUAIRIM IS 20 NÓIMÉAD A CHAITHEAMH AG FREAGAIRT CEISTEANNA SA ROINN SEO.**

*Sa bhileog seo a leanas tá cur síos ar Sheirbhís Nollag.*

LÉIGH AN BHILEOG GO CÚRAMACH AGUS FREAGAIR NA CEISTEANNA GO LÉIR A LEANANN Í.

# Seirbhís Nollag

*Treoraí:* Ba mhaith liom fáiltiú romhaibh chuig Seirbhís na Nollag agus tugaim cuireadh daoibh suí go compordach agus éisteacht go ciúin le focail an charúil Nollag, *Oíche Chiúin.*




*Mainséar na Nollag*

*Treoraí:* Gach bliain cóirímid ár mainséar Nollag chun go gcuirfear i gcuimhne do na daoine a thagann anseo gur rugadh Íosa in áit mar seo níos mó ná dhá mhíle bliain ó shin. Cuirimid tús lenár seirbhís leis na dealbha a chur isteach sa mhainséar Nollag.

*Cuireann na daoine atá ag freastal ar an tseirbhís, dealbha de Mhuire, d'Iósaef agus den naíonán Íosa isteach sa mhainséar.*

*Solas na Nollag*



*Treoraí:* Is í mí na Nollag an t-am is dorcha sa bhliain – am a mbíonn an solas ag teastáil go géar ó dhaoine, chun teas agus gile a thabhairt isteach ina saol. Dúirt Íosa, "Is mise solas an tsaoil. An té a leanfaidh mise, ní shiúlfaidh sé sa dorchacht, ach beidh aige solas na beatha" (Eoin 8: 12)

Tógaimis nóiméad chun machnamh ar na focail seo ag Íosa……

Anois, mar chomhartha an tsolais nua a thug breith Íosa do dhaoine, cuirfear coinneal mhór taobh leis an mainséar.

*Cuireann duine atá ag freastal ar an tSeirbhís, coinneal lasta mhór ar sheastán taobh leis an mainséar.*

*Treoraí:* Tugtar cuireadh daoibh ar fad coinneal bheag a thógáil ó cheann de na boscaí ag an mainséar, í a thabhairt ar aghaidh, í a lasadh agus í a chur ar an seastán taobh leis an mainséar.

*Duine i ndiaidh duine, tagann siad sin ag an tSeirbhís chun tosaigh, lasann siad a gcoinnle ón gcoinneal mhór agus cuireann iad taobh leis an mainséar.*

*Guí na Nollag*

*Treoraí:* Agus sinn bailithe timpeall an mhainséir, tugtar cuireadh daoibh guí in bhur bhfocail féin, nó i gciúnas bhur smaointe.

Guímis orthu sin atá tinn… A Thiarna, éist linn… *Go léir:* A Thiarna, éist lenár nguí.

*Treoraí:* Guímis orthu sin atá ceanúil orainn... A Thiarna, éist linn… *Go léir:* A Thiarna, éist lenár nguí.

*Treoraí:* Guímis le chéile i bhfocail Íosa… *Go léir:* "Ár nAthair……"

*Comhartha na Síochána*

*Treoraí:* Is í séasúr na síochána agus na dea-thola í an Nollaig, agus mar sin cuirimis in iúl dá chéile comhartha na síochána.

*Croitheann na daoine ag an tseirbhís lámh leis na daoine taobh leo, ag rá …… "Síocháin leat".*



*Carúl Nollag*

*Treoraí:* Agus sinn ag teacht chuig deireadh ár Seirbhíse Nollag, canaimis le chéile ……..

*Canann siad go léir: Oíche Chiúin …*



**1.** Is cuid thábhachtach den adhradh í an rannpháirtíocht nó páirt a ghlacadh. Agus an bhileog seo léite agat tabhair breac-chuntas ar **dhá** shlí ina bhfuil an rannpháirtíocht le feiceáil sa tSeirbhís Nollag seo.

i. ______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

ii.

(16 mharc)

**2.** Tabhair **dhá** chúis a bhfuil sé tábhachtach do bhaill phobal creidimh, páirt a ghlacadh i searmanais reiligiúnacha.

i.

ii.

(16 mharc)

**3.** Úsáideann daoine siombailí chun a gcuid smaointe agus a gcuid mothúchán a chur in iúl. Sainaithin siombail **amháin** a úsáidtear sa tSeirbhís Nollag seo agus mínigh an chiall atá léi.

(Siombail)

(12 mharc)

**4.** Cuir tic ✓ le ceann **amháin** de na cineáil phaidreoireachta seo a leanas.

Meabhrú ☐ Paidreoireacht Phearsanta ☐ Paidreoireacht Phobail ☐

Tabhair breac-chuntas ar conas atá an cineál paidreoireachta a bhfuil tic curtha agat leis thuas, le feiceáil sa tSeirbhís Nollag seo.

(16 mharc)

## ROINN 4

(200 marc)

**BA CHÓIR DUIT TUAIRIM IS 60 NÓIMÉAD A CHAITHEAMH AG FREAGAIRT CEISTEANNA SA ROINN SEO.**

FREAGAIR **CÚIG** CINN DE NA SÉ CHEIST SEO A LEANAS.

**(Tá 40 marc ar gach ceist)**

### Ceist 1. Pobail Chreidimh

Oibríonn pobail chreidimh go háitiúil agus go náisiúnta.

**A.** a. Ainmnigh pobal creidimh **amháin** a bhfuil staidéar déanta agat air agus a oibríonn go háitiúil *nó* go náisiúnta.

(3 mharc)

b. Tabhair breac-chuntas ar an obair atá déanta ag an bpobal creidimh atá ainmnithe agat thuas.

(10 marc)

**B.** Tabhair breac-chuntas ar shlí **amháin** ina bhfuil freastal á dhéanamh ar riachtanais daoine san obair a dhéanann pobal creidimh.

(12 mharc)


**C.** Mínigh conas is féidir tuairim **amháin** a bhí ag an mbunaitheoir / lucht leanúna tosaigh a fheiceáil san obair a dhéanann pobal creidimh.

(15 mharc)

## Ceist 2. AN CHRÍOSTAÍOCHT

**A.** Sna spásanna marcáilte ar léarscáil na Palaistíne thíos scríobh –

- Ainm na cathrach ag a)
- Ainmneacha na bhfarraigí ag b) agus c).




(9 marc)

**B.** a. Thíos tá liosta na gcéimeanna i bhforbairt na Soiscéal.

Cuir uimhir ar na céimeanna seo, uimhir a 1 ar an gcéad chéim, 2 ar an dara céim agus 3 ar an tríú céim.

| *Uimhir* | *Céimeanna i bhforbairt na Soiscéal.* |
|---|---|
| | Na Soiscéil á scríobh síos. |
| | Na heachtraí a tharla. |
| | Na deisceabail ag seanmóireacht faoi na heachtraí sin. |

(9 marc)

b. Déan cur síos ar cheann **amháin** de na céimeanna i bhforbairt na Soiscéal.

(10 marc)

**C.** Na soiscéalaithe a thugtar ar na daoine a scríobh na Soiscéil. Cuir tic ✓ le duine **amháin** de na Soiscéalaithe sa liosta thíos:

Eoin ☐ Lúcás ☐ Marcas ☐ Matha ☐

Cén fáth a bhféadfaí cur síos ar an soiscéalaí, a bhfuil tic curtha agat leis thuas, mar dhuine a raibh creideamh aige? Tabhair **dhá** chúis.

i.

ii.

(12 mharc)

## Ceist 3. MÓR–REILIGIÚIN DHOMHANDA

**A.** Cuir tic ✓ le ceann **amháin** de na reiligiúin dhomhanda seo a leanas a bhfuil staidéar déanta agat air:

An Búdachas ☐ An Giúdachas ☐ An Hiondúchas ☐ An tIoslamachas ☐

a. Ainmnigh téacs atá naofa ag baill an reiligiúin dhomhanda a bhfuil tic curtha agat leis thuas.

________________________________________

(8 marc)

b. Cén fáth a bhfuil an téacs seo naofa ag baill an reiligiúin dhomhanda a bhfuil tic curtha leis thuas? Tabhair cúis **amháin**.

________________________________________

(10 marc)

**B.** Is tríd an bhfocal labhartha agus tríd an bhfocal scríofa a cuireadh téacsanna naofa ar aghaidh.

Déan cur síos ar conas a d'fhorbair an téacs naofa, atá ainmnithe agat thuas, ag céim na bhfocal labhartha *nó* céim na bhfocal scríofa.

________________________________________

(10 marc)

**C.** ◆ An Búdachas ◆ An Giúdachas ◆ An Hiondúchas ◆ An tIoslamachas

Déan cur síos ar dheasghnáth reiligiúnach a thaispeánann an tábhacht atá ag téacs naofa do bhaill reiligiúin dhomhanda **amháin** sa liosta thuas.

(12 mharc)

## Ceist 4. CUARDACH BRÍ

**A.** a. Cuireann gach neach daonna ceisteanna. Tabhair **dhá** shampla de cheisteanna tábhachtacha a chuireann duine agus é/í ag cuardach brí sa saol.

i.

ii.

(8 marc)

b. Go minic, bíonn na ceisteanna a chuireann leanaí óga difriúil leis na cinn a chuireann déagóirí. Mínigh cén fáth a bhfuil sé sin amhlaidh.

(10 marc)

**B.** Cé acu díobh seo a leanas a thugann freagraí neamh-reiligiúnacha ar cheisteanna faoi bhrí na beatha? (Ná cuir tic ✓ ach i mbosca **amháin**)

An Daonnachas ☐ An tAondiachas ☐

(10 marc)

**C.** Cuir tic ✓ le ceann **amháin** de na reiligiúin dhomhanda seo a leanas a bhfuil staidéar déanta agat air:

An Búdachas ☐ An Chríostaíocht ☐ An Giúdachas ☐ An Hiondúchas ☐ An tIoslamachas ☐

Déan cur síos ar conas a chuaigh an creideamh reiligiúnach i bhfeidhm ar shaol duine atá tábhachtach i scéal an reiligiúin dhomhanda a bhfuil tic curtha agat leis thuas.

(12 mharc)

**Ceist 5. PAIDREOIREACHT**

An Búdachas ☐ An Chríostaíocht ☐ An Giúdachas ☐ An Hiondúchas ☐ An tIoslamachas ☐

**A.** a. Tá amanna speisialta sa lá agus / nó laethanta na seachtaine speisialta, curtha i leataobh le haghaidh paidreoireachta ag na reiligiúin dhomhanda.

Cuir tic ✓ le ceann **amháin** de na reiligiúin dhomhanda thuas agus déan cur síos ar cheann amháin de na hamanna speisialta a bhíonn curtha i leataobh le haghaidh paidreoireachta, go laethúil nó go seachtainiúil, sa reiligiún sin.

(15 mharc)

b. Cén fáth a bhfuil tábhacht ag baint leis an bpaidreoireacht laethúil nó sheachtainiúil do bhaill reiligiúin dhomhanda. Tabhair **dhá** chúis.

i.

ii.

(10 marc)

**B.** Mínigh an chiall atá le comhartha amhain *nó* le siombail amháin a úsáideann na baill de reiligiún domhanda sa phaidreoireacht laethúil nó sheachtainiúil.

(15 mharc)

## Ceist 6. An Dúshlán Morálta

**A.** Bíonn tionchar ag a lán tosca ar thuiscint duine ar cad atá ceart agus cad atá mícheart.

An Teaghlach ☐ Cairde ☐ An Scoil ☐ An Stát ☐

Cuir tic ✓ le ceann amháin díobh sin thuas agus tabhair sampla den tslí a bhféadfadh tionchar a bheith aige ar thuiscint duine ar cad atá ceart agus cad atá mícheart.

(10 marc)

**B.** Cuir tic ✓ le ceann amháin de na ráitis sa liosta thíos a bhfuil baint aige le reiligiún domhanda a bhfuil staidéar déanta agat air.

| An Búdachas | An Chríostaíocht | An Giúdachas | An Hiondúchas | An tIoslamachas |
|---|---|---|---|---|
| *Caith le daoine eile díreach mar a chaithfeá leat féin.* ☐ | *Caith le daoine eile mar a thaitneodh leat go gcaithfidís sin leatsa.* ☐ | *An rud atá díobhálach duit féin, ná déan é in aghaidh daoine eile.* ☐ | *Ná déan aon rud in aghaidh daoine eile a d'fhéadfadh goilliúint ort féin, dá ndéanfaí i do aghaidh féin é.* ☐ | *Ní chreideann aon duine agaibh go fíor, go dtí go nguíonn sibh do dhaoine eile an rud a ghuíonn sibh daoibh féin.* ☐ |

Déan cur síos ar an tslí a mbíonn tionchar ag an tuairim, atá curtha in iúl sa ráiteas a bhfuil tic leis thuas, ar iompar bhaill an reiligiúin dhomhanda sin sa lá inniu.

(16 mharc)

**C.** Tabhair sampla **amháin** den tslí a bhfuil an tuairim atá curtha in iúl sa ráiteas a bhfuil tic leis thuas, le feiceáil sa saol a bhí ag bunaitheoir / lucht leanúna tosaigh an reiligiúin dhomhanda a bhfuil baint aici leis.

(14 mharc)